

An
Coimisiún
Pleanála

Ordú ón
gCoimisiún/Commission
Order
ABP-322627-25

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú
Planning and Development Act 2000, as amended

Údarás Pleanála: Comhairle Contae na Gaillimhe
Planning Authority: Galway County Council

Uimhir Thagartha ar an gClár Pleanála: 25/42
Planning Register Reference Number: 25/42

Achomharc ó Sheosamh Ó Flaithbheartaigh agus daoine eile, 4 Iostáin Chill Rónáin, Cill Rónáin, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe, in aghaidh an chinnidh a rinne Comhairle Contae na Gaillimhe an 8^ú lá de mhí na Bealtaine 2025 cead a dheonú, faoi réir coinníollacha, do Rothaí Árainn Teo., faoi chúram John M. Gallagher Consulting and Litigation Engineers and Town Planners, 1 Seanghort, Baile an Rí, Gaillimh, i gcomhréir le pleananna agus sonraí a taisceadh leis an gComhairle sin.

Appeal by Seosamh Ó Flaithbheartaigh and others of 4 Kilronan Cottages, Kilronan, Aran Islands, County Galway against the decision made on the 8th day of May 2025 by Galway County Council to grant subject to conditions a permission to Rothai Arainn Teo care of John M. Gallagher Consulting and Litigation Engineers and Town Planners of 1 Oldfield, Kingston, Galway in accordance with plans and particulars lodged with the said Council.

Forbairt Bheartaithe: Limistéar cumhdaithe stórála a choinneáil ar chúl an fhoirgnimh fruilithe rothar atá ann cheana (uimhir thagartha ar an gclár pleanála: 18/94). Spás urláir comhlán na hoibre atá le coinneáil: 86.56 méadar cearnach, agus é ar fad suite ag Cill Éinne, Inis Mór, Oileáin Árann, Contae na Gaillimhe.


Proposed Development: Retention of a covered storage area to the rear of the existing bike hire building (planning register reference number 18/94). Gross floor space of work to be retained: 86.56 square metres, all at Cill Éinne, Inis Mór, Aran Islands, County Galway.

Cinneadh

Cead a DHEONÚ don fhorbairt thuas i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí luaite, bunaithe ar na cúiseanna agus na cúinsí faoi bhun agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach thíos.

Decision

GRANT permission for the above development in accordance with the said plans and particulars based on the reasons and considerations under and subject to the conditions set out below.



Cúiseanna agus Cúinsí

Ag féachaint do bheartais agus cuspóirí Phlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028, don láithreán a bheith suite i limistéar faoi fhoirgnimh, do chineál agus scála na forbartha a bhfuil sé beartaithe í a choinneáil agus don ghaol idir an fhorbairt sin agus an limistéar máguaird, meastar, faoi réir na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh, go mbeadh an fhorbairt a bhfuil sé beartaithe í a choinneáil inghlactha, nach ndéanfadh sí díobháil thromchúiseach do thaitneamhachtaí cónaithe nó amhairc an limistéir ná do thaitneamhachtaí aon réadmhaoine sa chomharsanacht, agus go mbeadh sí inghlactha ó thaobh sábháilteachta tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre, deartha, tionchair amhairc, agus tionchair comhshaoil de. Dá bhrí sin, bheadh an fhorbairt a bhfuil sé beartaithe í a choinneáil i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.

Reasons and Considerations

Having regard to the policies and objectives of the Galway County Development Plan 2022-2028, the site location within a built up area, the nature and scale of the development proposed to be retained, and its relationship with the surrounding area, it is considered that, subject to compliance with the conditions set out below, the development proposed to be retained would be acceptable, would not seriously injure the residential or visual amenities of the area or of property in the vicinity, and would be acceptable in terms of traffic and road safety, design, visual impact, and environmental impact. The development proposed to be retained would, therefore, be in accordance with the proper planning and sustainable development of the area.


Coinníollacha/Conditions

1. Coinneofar an fhorbairt i gcomhréir leis na pleananna agus na sonraí a taisceadh i dteannta an iarratais, seachas de réir mar is gá ar shlí eile chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh. I gcás go gceanglófar leis na coinníollacha sin go gcomhaontófaí mionsonraí leis an údarás pleanála, comhaontóidh an forbróir mionsonraí den sórt sin i scríbhinn leis an údarás pleanála, agus coinneofar an fhorbairt i gcomhréir leis na sonraí comhaontaithe.

Cúis: Ar mhaithe le soiléire.

1. The development shall be retained in accordance with the plans and particulars lodged with the application, except as may otherwise be required in order to comply with the following conditions. Where such conditions require details to be agreed with the planning authority, the developer shall agree such details in writing with the planning authority and the development shall be retained in accordance with the agreed particulars.

Reason: In the interest of clarity.




2. D'ainneoin na bhforálacha maidir le forbairt dhíolmhaithe de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, agus d'ainneoin aon fhoráil reachtúil lena leasaítear na forálacha sin nó a chuirtear in áit na bhforálacha sin, ní dhéanfar aon chomharthaí ná aon phainéil taispeána sa bhreis, lena n-áirítear aon mhéadú ar an líon póstaer atá le taispeáint nó ar shoilsiú inmheánach/seachtrach comharthaí, a chur in airde gan cead pleanála a fháil roimh ré.

Cúis: Chun an t-údarás pleanála a chumasú measúnú a dhéanamh ar na tionchair a bheadh ag aon athruithe den sórt sin ar thaitneamhachtaí an limistéir.

2. Notwithstanding the exempted development provisions of the Planning and Development Regulations 2001, as amended, or any statutory provision amending or replacing them, no additional signage or display panels, including any increase in the number of posters to be displayed or internal/external illumination of signs, shall be carried out without a prior grant of planning permission.

Reason: To enable the planning authority to assess the impacts of any such changes on the amenities of the area.

3. Comhlíonfaidh maolú agus diúscairt uisce dromchla ceanglais an údaráis pleanála le haghaidh oibreacha agus seirbhísí den sórt sin. Cuirfidh an forbróir mionsonraí faoi conas a dhiúscrófar uisce dromchla ón láithreán isteach lena gcomhaontú i scríbhinn ag an údarás pleanála.
- Cúis:** Ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí.



3. The attenuation and disposal of surface water shall comply with the requirements of the planning authority for such works and services. The developer shall submit details for the disposal of surface water from the site for the written agreement of the planning authority.


Reason: In the interest of public health.

4. Ní úsáidfear na cosáin in aice leis an láithreán le haghaidh stóráil rothar ná páirceáil rothar tráth ar bith, agus ní úsáidfear iad chun críocha tráchtála.

Cúis: Chun a chinntiú go mbeidh na cosáin ar oscailt agus inrochtana don phobal i gcónaí.

4. The footpaths adjacent to the site shall not be used for bicycle storage or parking at any time and shall not be used for commercial purposes.

Reason: To ensure the footpaths remain open and accessible to the public.



Mary Henchy

Coimisinéir Pleanála den Choimisiún Pleanála
atá údaraithe go cuí chun
séala an Choimisiúin a fhíordheimhniú.

Arna dhátú an 26 lá seo de Meán Fómhair
2025.